


Coronavirus
COVID-19
Public Health
Advice

Ailt an Chorráin, Dún na nGall Ionad Vacsaínithe FnaSS Eolas don Phobal

An t-eolas is déanaí: 22/09/2021



Ionad Pobail Naomh Columba
Leac Eidhneach
Ailt an Chorráin
Dún na nGall


EOLAS FAOIN IONAD




Tá ionad vacsaínithe Ailt an Chorráin lonnaithe in Ionad Pobail Naomh Columba. Is fo-ionad atá i gceist anseo, a bheidh ar oscailt ar feadh lá nó dhó in aghaidh na seachtaine, ag brath ar éileamh agus ar sholáthar vacsaíní.

Cabhróidh an t-eolas seo leat ullmhú do do choinne vacsaínithe. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi vacsaíní, téigh chuig www.hse.ie

Láthair: Ionad Pobail Naomh Columba, Leac Eidhneach, Ailt an Chorráin, Dún na nGall
Nasc chuig an léarscáil: <https://goo.gl/maps/9hr9GANnRTcKbG2x8>



ROIMH DO CHOINNE



- Is clinic siúil isteach atá san ionad seo, níl gá duit coinne a shocrú chun freastal ar an ionad vacsaínithe
- Ní mór tuismitheoir nó caomhnóir a bheith le páiste ar bith atá faoi bhun 16 bliana d'aois agus ní mór toiliú tuismitheora a chur ar fáil
- Tabhair leat d'uimhir PSP agus d'aitheantas griangraf (e.g. pas, ceadúnas tiomána/cárta seirbhísí poiblí, aoischárta náisiúnta nó comhartha aitheantais scoile)
- Ní bhfaighidh tú vacsaín gan cárta aitheantais
- Más an dara dáileog den vacsaín atá i gceist, tabhair leat do chárta vacsaínithe
- Ba chóir duit éadaí scaoilte nó muinchillí gearra a chaitheamh toisc go bhfaighidh tú an vacsaín in uachtar do láimhe
- Caith éadaí atá feiliúnach don aimsir mar go bhféadfá a bheith i scuaine lasmuigh

AG TEACHT AR AN IONAD



- Caith clúdach aghaidhe nuair a thagann tú isteach agus le linn do choinne
- Tar isteach sa suíomh tríd an bpríomhbhealach isteach
- Más ag tiomáint atá tú, gheobhaidh tú treoir ón bhfoireann slándála
- Ar do bhealach isteach sa gcarr chlós, cuirfidh an fhoireann roinnt ceisteanna scagthástála COVID-19 ort.
- Tá spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil
- Páirceáil do charr agus déan do bhealach go dtí an tslí isteach ag tosach an halla
- Má tá comrádaí leat, ba cheart dóibh fanacht sa gcarr ach amháin más gá dóibh freastal ort i gcúinsí eisceachtúla

LAISTIGH DEN IONAD



- Má tá scuaine ar do bhealach isteach, fan 2 mhéadar glan ar dhaoine eile
- Glan do lámha le díghalrán ar an mbealach isteach
- Treorófar chuig deasc clárúcháin thú agus tú ag teacht isteach
- Dearbhóidh an fhoireann d’ainm, dáta breithe agus d’uimhir PSP
- Treorófar ansin thú chuig both le do vacsaín a fháil
- Beidh vacsaíneoir ag fanacht leat taobh istigh den bhoth
- Cuirfidh an vacsaíneoir roinnt ceisteanna ort chun a dheimhniú go bhfuil tú i dteideal vacsaín a fháil agus tabharfaidh sé/sí an vacsaín duit in uachtar do láimhe
- Tabharfar cárta vacsaínithe duit agus iarrfar ort suí ar feadh 15 nóiméad san ionad breathnóireachta
- Ba chóir duit do chárta vacsaínithe a choinneáil slán mar go mbeidh sé uait má bhíonn an dara dáileog de dhíth ort
- Nuair atá an 15 nóiméad istigh, is féidir leat an t-ionad breathnóireachta a fhágáil tríd an doras éalaithe ar thaobh an ionaid